# Siméadracht i bhFógraíocht

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás – cruthanna 2T, siméadracht<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga agus Litearthacht, An Domhan Thart Orainn, Na hEalaíona* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• réimse straitéisí a fhorbairt le haghaidh réiteach fadhbanna, ag lorg dóigheanna le deacrachtaí a shárú<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• teanga mhatamaiticiúil a thuiscint agus bheith in ann í a úsáid lena gcuid oibre a phlé<br>• phlé agus a smaointeoireacht a mhíniú |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | líne shiméadrachta, ceartingearach, cothrománach, trasnánach, frithchaitheamh |
| **Áiseanna** | bileog acmhainne an dalta le lógónna siméadracha |

## Cur síos ar an Ghníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Pléigh coincheap na siméadrachta frithchaití sa rang. Taispeáin samplaí ar an chlár idirghníomhach ag úsáid cruthanna, Uirlis Cuisenaire Mol Mata, nó láimhseoga eile le siméadracht fhrithchaiteach a léiriú. Pléigh na cineálacha difriúla de línte siméadrachta, i.e. ceartingearach, cothrománach agus trasnánach. Amharc ar shamplaí de lógónna comhlachtaí ar an scáileán. Fiosraigh an bhfuil siad siméadrach.

N.B. Bí san airdeall ar shárú cóipchirt agus tú ag fiosrú lógónna.

### 2 Gníomhaíocht 2

Ar bhileog acmhainne an dalta le lógónna cineálacha, sainaithníonn daltaí línte siméadrachta agus cuardaíonn siad samplaí eile de chomhlachtaí a úsáideann lógónna siméadracha. Lig do na daltaí a gcuid lógónna siméadracha féin do chomhlacht, foireann nó eagraíocht b(h)réige a chruthú.

### 3 Gníomhaíocht 3

Scrúdaíonn daltaí litreacha na haibítre i gcás íochtair agus uachtair le fiosrú cé acu ceann atá siméadrach. Is féidir digití, uimhreacha agus siombailí eile a úsáid. Pléigh cé acu atá siad siméadrach nó nach bhfuil agus na cineálacha difriúla siméadrachta.

### 4 Gníomhaíocht 4

Agus tagairt á déanamh do shampla an phopghrúpa ABBA, mínigh an dóigh ar féidir le litreacha ar leith a rothlú nó a aisiompú sa dóigh go n-éiríonn ainmneacha nó focail siméadrach. Iarr ar na daltaí a fháil amach an féidir é seo a dhéanamh le roinnt dá gcuid ainmneacha. Cad iad na cineálacha línte siméadrachta atá indéanta? An bhfuil roinnt litreacha níos simplí a úsáid ná litreacha eile agus ainmneacha siméadracha a dhéanamh? An ndéanann cás uachtair, cás íochtair, nó cló difear? Cruthaigh clár taispéana 'ABBA' leis na torthaí. Is féidir é seo a shíneadh chuig amanna ar thaispeáint chloig digití nó ar thaispeáint áireamháin le siméadracht a fhiosrú.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • An bhfuil an lógó seo siméadrach?<br>• Cá bhfuil an líne shiméadrachta sa phatrún/phictiúr seo?<br>• Cá mhéad líne shiméadrachta atá ag an phatrún/phictiúr seo? | • Cén dóigh a bhfuil/nach bhfuil an lógó nó an t-ainm seo siméadrach?<br>• Cad é mar a thig linn an lógó nó an t-ainm seo a dhéanamh siméadrach?<br>• Cad é a tharlaíonn nuair a athraím na litreacha ó chás uachtair go cás íochtair nó a mhalairt?<br>• Cad é a tharlaíonn nuair a úsáidtear clónna difriúla?<br>• Cad é mar a thig leat cineál nó cruth na litreacha a athrú sa dóigh go n-éireoidh siad siméadrach? |

## Difreáil

Athraigh líon na litreacha / na ndigití úsáidte le hainmneacha nó focail shiméadrachta a dhéanamh agus leis an ghníomhaíocht seo a chur in oiriúint do riachtanais shainiúla na ndaltaí. Is féidir cineálacha difriúla siméadrachta atá le fiosrú a shocrú de réir thuiscint na ndaltaí.

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.

